# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Marcáil:**

- Ba cheart gach scríbhinn a mharcáil le peann dearg.
- Déan marc a leithdháileadh do gach ceist/cuid den cheist, fiú más marc de 0 atá i gceist. Scríobh na marcanna os cionn an ábhair. Cuir na marcanna do gach ceist/focheist le chéile san imeall ar thaobh na láimhe deise agus cuir líne fúthu.
- Ceartaigh an t-ábhar go léir. Nuair atá níos mó ábhair curtha ar fáil ná mar a éilíodh, déan marca leithdháileadh don ábhar sin agus scríobh an marc i lúibíní cearnógacha: [marc]. Ná cuir na marcanna sin san áireamh agus tú ag suimiú na marcanna don cheist sin.
- Nuair a úsáideann an t-iarrthóir an t-eolas céanna chun dhá nó níos mó ceisteanna a fhreagairt, ná glac ach leis an gcéad fhreagra.
- Scríobh líon iomlán na marcanna a fuarthas ar leathanach 1 ag bun an leathanaigh idir lúibíní cruinne. As sin amach, coimeád iomlán reatha ag bun an leathanaigh idir lúibíní cruinne.
- Suimigh gach ceist (C.1., C.2., C.3.) de réir mar a théann tú ar aghaidh agus cuir ciorcal thart ar na marcanna sin ag barr an leathanaigh ar a dtosaíonn an cheist.
- Déan an marc foriomlán a athsheiceáil tríd an suim dheiridh (bun an leathanaigh) a chur i gcomparáid leis an marc iomlán do gach ceist (barr an leathanaigh).
- Ábhar a bhfuil líne curtha tríd: má tá sé ceart/ábhartha bronn marc air.

**Tarscaoileadh:** Dóibh siúd ar tugadh díolúine litrithe nó gramadaí dóibh, ní ghearrtar píonós ar earráidí litrithe ná ar ghnéithe áirithe den ghramadach, de réir mar a míníodh ag comhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas, cuirfear scéim marcála mhionathraithe i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe amhail tuisil agus réimnithe míchearta. Samhlaigh go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra mar thaifead. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh. i.e má réitíonn sé le do chluais ná gearr pionós.

**Scríobh 'MMS' ar chlúdach an scríbhinn má tá an scéim mharcála mhionathraithe curtha i bhfeidhm.**

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:
Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: ná bronn AON mharcanna (seachas sa chluastuiscint nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart)
Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: ná bronn AON mharcanna.

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

**1.** Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra. Níor chóir marcanna a bhronnadh nuair a bhíonn deacracht ag an scrúdaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Ghaeilge.

**2.** Glactar leis na húsáidí seo a leanas:

- Líon beag focal "iasachta" a fhaightear sa Nua-Ghaeilge/Nua-Bhéarla caighdeánach (e.g. *dacha*, *putsch, perestroika, glasnost…*)
- Úsáid bainte as acrainmneacha a thagann ón Rúisis (e.g. SSSR)
- Úsáid bainte as téarma teicniúil Rúisise ar mhaithe le soiléire tar éis leagan Gaeilge den téarma céanna (e.g.*)*
- Cásanna ina léirítear sa fhreagra trí chéile gur baineadh úsáid chuí as struchtúr agus stór focal na Gaeilge.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu cúis.

## ROINN I – 120 MARC

**C. 1. Léirthuiscint**

- Bronn 2 mharc as gach sonra. Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.
- San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.
- Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.
- Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.

**1.(i) Tabhair trí shonra faoi chúlra Roman. (3 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:***údar/úinéir an tionscadail 'Ar fud an domhain ar dhá thuarastal' + ó Chathair Pheadair + duine sna tríochaidí (30idí) + tar éis taisteal go breis agus 50 tír + níor imigh sé thar lear go dtí go raibh sé 24 bliana d'aois + tá a fhios aige conas taisteal go saor + thaitin sé leis dul chuig ceolchoirmeacha + d'oibrigh sé do chuideachta ar feadh i bhfad + ní raibh pas ná víosa aige go dtí go raibh sé 24 bliain d'aois

**1.(ii) Conas a thosaigh Roman ar an taisteal? Tabhair trí shonra. (3 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:***an-dúil sa cheol + é ag féachaint ar shuíomh gréasáin ceoil + chonaic sé fógra/chuir sé fonn air dul chuig an gceolchoirm/féile sa Bheilg + bhí an fhéile ag teacht leis na rudaí a raibh spéis aige iontu + gan aon phas aige + gan aon víosa aige + d'fhéach sé ar na meáin shóisialta/vkontakte + d'aimsigh sé ceoltóir ó Chathair Pheadair a bhí ag dul go dtí an fhéile + shocraigh sé na cáipéisí riachtanacha + chuaigh sé chuig an bhféile + ba í an chéad uair riamh ar imigh sé thar lear

**1.(iii) Cad a thaitin le Roman faoina chéad turas? Tabhair sonra amháin. (1 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:***an bhraistint go raibh sé saor + ag bualadh le daoine nua + aithne a chur ar an saol mór

**2.(i) Tabhair dhá shonra faoin gcéad turas geimhridh ag Roman. (2 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:***theastaigh uaidh cuairt a thabhairt ar thír te sa gheimhreadh + dúirt sé lena shaoiste go raibh sé ag iarraidh imeacht ar feadh 2-3 seachtaine + níor thug a shaoiste cead imeachta dó + d'ainneoin sin d'éirigh sé as a phost agus d'imigh sé pé scéal é + chuaigh sé go dtí an Spáinn/an Phortaingéil + chuaigh sé ar feadh 2-3 seachtaine

***ná bronn aon mharc ar***: chuaigh sé go tír iasachta

**2.(ii) Cén rud is mó a chuir iontas ar Roman ar an turas seo? Tabhair dhá shonra.**

**(2 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:***thall (sa Spáinn/an Phortaingéil) bhí daoine ag caitheamh éadaí samhraidh/éadroma + oráistí ar na crainn + ag an am céanna i gCathair Pheadair/ina bhaile féin bhí an teocht faoi bhun nialais + ráthanna sneachta 3 mhéadar ar airde

***ná bronn aon mharc ar***:aimsir the

**3.(i) Cad a spreag Roman le turas timpeall an domhain a dhéanamh? Tabhair trí shonra.**

**(3 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:***a mhianta + ba é rún a chroí a bheith ag tonnmharcaíocht sna háiteanna is fearr chuige sin ar domhan + cuairt a thabhairt ar bholcán + bheith ina luí/bolg le gréin a dhéanamh ar thrá “bounty” + an meánchiorcal a thrasnú de shiúl cos + cuairt a thabhairt ar Times Square + bhí sé feicthe aige i scannáin/ar an teilifís

***ná bronn aon mharc ar***: ar mhaithe le cuairt a thabhairt ar a lán áiteanna

**3.(ii) Cén smaoineamh a tháinig chuig Roman? Tabhair sonra amháin.** **(1 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:*** theastaigh uaidh a thaispeáint gur féidir taisteal timpeall an domhain a dhéanamh ar bheagán airgid

**3.(iii) Conas a thaistealaíonn Roman ar bhuiséad? Tabhair trí shonra.** **(3 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc ar:*** Tá freagra ar 3 cheist á lorg aige: cathain/ó cá háit/cé leis a eitleoidh sé + ní eitlíonn sé ach le bagáiste láimhe + codlaíonn sé i mbrúnna + téann sé ag síobshiúl + itheann sé sna háiteanna is ansa le muintir na háite (go háirithe san Áis agus i Meiriceá Theas)

***ná bronn aon mharc ar***: ní eitlíonn sé le bagáiste

**4 Tabhair dhá shonra faoi shaol Roman anois.** **(2 x 2 mharc)**

***bronn dhá mharc air:*** taistealaíonn sé ar feadh leath na bliana + fanann sé sa bhaile an leath eile den bhliain + áthas air/é sásta lena stíl mhaireachtála + saothraíonn sé airgead + roinneann sé a chuid eolais le daoine eile + cuireann sé comhairle ar dhaoine faoi conas taisteal ar bheagán airgid agus saothraíonn sé airgead/ saothraíonn sé a choda sa tslí seo.

**C. 1.2 Feasacht teanga** **10 marc**

C.1.2(i) Scríobh síos foirm na infinide/foirm an fhoclóra de na briathra seo a leanas as an téacs.

Ná tabhair marcanna ar bith i gcás go n-aistríonn na hiarrthóirí na frásaí go Béarla

**Bronn dhá mharc as gach freagra ceart.**

| | |
|---|---|
| Отпустил | отпустить |
| Использует | использовать |
| Накопилась | накопиться |
| Стали | стать |
| Решил | решить |

**NÓ**

**C. 1.3** **10 marc**

Meaitseáil na focail, ar roghnaíodh iad ar fad as an téacs, leis na hainmneacha ar ranna cainte.

Cuir an uimhir chuí sa cholún ar dheis dar teideal FOCAIL.
(Is féidir leat d'ainm a scríobh i nGaeilge, i mBéarla nó i Rúisis.)

**Bronn dhá mharc as gach freagra ceart.**

| | |
|---|---|
| **Он** | 4. forainm / pronoun / местоимение |
| **Поедет** | 5. briathar / verb / глагол |
| **За** | 3. réamhfhocal / preposition / предлог |
| **Лёгкой** | 1. aidiacht / adjective / имя прилагательное |
| **Идея** | 2. ainmfhocal / noun / имя существительное |

## C.2 Achoimriú 40 marc

**2.1.** Leigh na ceithre théacs seo thíos faoi rogha gairme. Scríobh alt **i nGaeilge** mar fhreagra ar na ceisteanna faoi gach roinn.

Bronntar marcanna as ábharthacht na bhfreagraí agus as scileanna achoimrithe, as struchtúrú do fhreagra, agus as do chumas eolas riachtanach a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.

*Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS bronn 2 mharc lánroghnacha ar iarrthóirí:*

- *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir.*
- *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.*
- *A chuireann sonraí breise ar fáil.*
- *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha má léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach má dhéanann siad earráidí i dtaobh sonraí / má fhágann siad ar lár na sonraí nó má tá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas leo.*

*Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí atá ar fáil sa cheist.*
*Ní fhéadfar marcanna aonair a bhronnadh as sonraí neamhiomlána ach i gcásanna ina dtuigfeadh cainteoir aonteangach Gaeilge na sonraí neamhiomlána.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna don ábhar) a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith de na sonraí ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (má scríobhann siad an iomarca focal Rúisis ina gcuid freagraí, mar shampla).*

*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach.*

**1. Labhraíonn Stephen faoina eispéireas agus é ag foghlaim Rúisise. Tabhair ceithre shonra.**
**10 marc**

***Príomhphointí:*** d'ullmhaigh an léachtóir luaschártaí le híomhánna fíona/cáis/beoir + níor ghá duit ach na focail seo a athrá + cheap sé go raibh sé éasca agus lean sé ar aghaidh + ba í an obair bhaile a fuarthas ná an aibítir a fhoghlaim + ansin bloclitreacha a scríobh + lámhscríbhneoireacht reatha ina dhiaidh sin + tar éis bliain a haon rinne sé dianchúrsa sa Rúisis + i Vermont + bhí caighdeán níos fearr bainte amach aige ná a chomhscoláirí ar chríochnú dó + sa bhliain 2005 chuaigh sé go dtí an Rúis go hOllscoil Idirnáisiúnta Mhoscó ar mhalartú + má tá Rúisis ar do thoil agat tá teacht agat ar/ osclaíonn sé doras chuig cultúr Rúiseach/bíonn an cultúr Rúiseach inrochtana dá bharr + cothaíonn tú caidreamh leis an saol mór seo trí litríocht /teanga/cineamatagrafaíocht

***Sonraí tánaisteacha:*** riamh anall theastaigh uaidh staidéar a dhéanamh ar chaidreamh idirnáisiúnta + chuaigh sé go dtí Ollscoil Berkeley i California + bíonn ganntanas ann i gcónaí maidir le cainteoirí de theangacha amhail Rúisis + tá ardú pá má labhraíonn tú Rúisis + seans ann taisteal go dtí an Rúis + rinne sé staidéar ar an tSínis ar feadh trí lá.

**2. Mínigh na buntáistí a bhaineann le staidéar a dhéanamh in Ollscoil Stáit Mhoscó, dar le Martin. Tabhair ceithre shonra.** **10 marc**

***Príomhphointí:*** Is é an príomhfhoirgneamh agus an dúiche/an ceantar máguaird an chéad rud a théann i bhfeidhm ort + ní raibh aon taithí aige ar chóiríocht do mhic léinn roimhe sin + bhlais sé leibhéal éagsúlachta / ilchineálachta nach bhfuil ar fáil sa Fhrainc + mic léinn ón Áise Láir / an Chasacstáin / réigiún Chugais/ Murmansk / an tSibéir / an Cianoirthear + teagasc saor in aisce + bhí na leachtaí go léir as Rúisis + bhí socrúchán oibre aige sa Mholdóiv agus sa Chasacstáin + bhí sé in ann ábhair spéisiúla a roghnú + amhail tíreolaíocht eacnamaíoch/éiceolaíocht/ caidreamh RF agus AE + riail/údarás APSS/ dlí idirnáisiúnta/ neamhspleáchas

***Sonraí tánaisteacha:*** d'fhoghlaim sé Rúisis trí thimpiste geall leis + d'fhan ceoltóirí Rúiseacha ina theach ar feadh 2 sheachtain dhá bhliain i ndiaidh a chéile + bhí dúil aige riamh sa Rúisis + thosaigh sé ag foghlaim Rúisise nuair a bhí sé 10 mbliana d'aois + bhí sé de rún aige riamh dul go dtí an Rúis + chuaigh sé isteach in Institiúid na heolaíochta polaitiúla i Leon.

**3. Tá blaisedh faighte ag Julia de theanga agus de chultúr na Rúise. Tabhair ceithre shonra.** **10 marc**

***Príomhphointí:*** bhí suim aici sa sóisialachas agus sa chumannachas ó bhí sí ina déagóir + ina dhiaidh sin thit sí i ngrá le litríocht agus ealaín na Rúise + rinne sí staidéar ar an Rúisis san ollscoil san Ollainn + cinneadh loighciúil a bhí ann céim mháistreachta a dhéanamh sa Rúis + tar éis do na léachtaí críochnú (gach lá) lean a cuid oideachais ar na sráideanna + bhí sí tar éis buaileadh le go leor daoine suimiúla + spreag agus ghríosaigh an chathair í chun tuilleadh a fhoghlaim + d'ullmhaigh sí do sheimineáir/ceardlanna sa bhaile agus í ag ól go leor tae agus ag caitheamh tobac + bhuail sí leis an bhfear a phósfadh sí ina dhiaidh sin sa Rúis + a bhuí lena fhear chéile/ Sergei chuir sí aithne ar na nósanna agus na traidisiúin a chleachtann pobal na Rúise.

***Sonraí tánaisteacha:*** rinne sí iontas de gur fhorbair an Rúis, agus í ina tír Eorpach, ar bhealach éagsúil ón gcuid eile den Eoraip + is ollscoil phríobháideach í an ollscoil Eorpach a bunaíodh de réir chóras oideachais na Breataine + san ollscoil sa Rúis tá níos mó airgeadais agus eacnamaíochta + maireann léachtaí ar feadh 3 uair a chloig seachas uair go leith + córas grádaithe Mheiriceá (A-C)

**4 Insíonn Luca dúinn faoin a shaol mar mhac léinn Tabhair ceithre shonra.** **10 marc**

***Príomhphointí:***déanann sé staidéar in MGIMO (Institiúid Stáit Moscó um Chaidreamh Idirnáisiúnta) + táillí teagaisc 225 000 rúbal + déine agus ráta/luas an staidéir an-ard +tá an clár bunaithe ar mhodúil ghearra + bíonn gach lá éagsúil + bíonn cúrsaí dearaidh acu a mhaireann ar feadh 1-2 sheachtain + le linn an ama seo cruthaíonn sé go leor ábhair laistigh de thréimhse theoranta + is iad ailtirí a bhíonn ag cleachtadh a gceirde a mhúineann na cúrsaí seo agus gríosaíonn siad iad chun teann a ndíchill a dhéanamh + is breá leis na ranganna/ceardlanna praiticiúla seo + tá cónaí air i gcóiríocht do mhic léinn i lár na cathrach, rud atá áisiúil + bhí alltacht air ar dtús + seomra simplí agus 2 leaba ann, 2 dheasc/bhord, prios éadaigh agus cuisneoir + le linn a chéad bhliana ann bhí seomra á roinnt idir 3 acu + aon chistin amháin do gach duine (400-500 mac léinn) i bhfoirgnimh 12 stór.

***Sonraí tánaisteacha:*** bhog siad go dtí an Rúis nuair a bhí sé 5 bliana d'aois + tháinig a athair chun na Rúise ar thóir oibre + bhog sé féin agus a mháthair ann ina dhiaidh sin + chríochnaigh sé an scoil sa Rúis + bheartaigh sé oideachas tríú leibhéal a fháil sa Rúis freisin + bhí radharc breá aige óna sheomra + fuinneoga agus radharc amach acu ar an gclós agus stáisiún na traenach + radharc maith ar an gcathair

**Ceist 2.2 – Feasacht Cultúir (10 marc)**

**(5 x 2 mharc)**

Aimsigh cúig fhocal sa téacs a bhaineann le 'Ardoideachas' agus scríobh síos iad i Rúisis.

Библиотека
Выучить
Задание
Занятие
Изучать
Институт
Интенсив
Исследовать
Курс
Магистратура
МГИМО
МГУ
Модуль
Научиться
Обмен
Обучение
Общежитие
Однокурсник
Оценка
Поступить
Предмет
Преподавать
Преподаватель
Проект
Профессор
Семестр
Семинар
Специализация
Студент
Университет
Учеба
Учиться
Факультет

# NÓ / OR

**Ceist 2.2(ii) Feasacht Teanga**

**Luaigh tuiseal na bhfrásaí ainmfhoclacha seo thíos**

**(5 x 2 mharc)**

| | |
|---|---|
| (работать) в сфере | Tuiseal réamhfhoclach/предложный падеж |
| (взять) из этого списка | Tuiseal ginideach/ родительный падеж |
| (выучить) алфавит | Tuiseal cuspóireach/винительный падеж |
| (писать) печатными буквами | Tuiseal uirliseach/творительный падеж |
| (доступ) ко всей русской культуре | Tuiseal tabharthach/дательный падеж |

## Ceist 3 - Struchtúrú Dioscúrsa Leanúnach (20 marc)

**Cineálacha clár teilifíse / TV programme genres**

1. Спорт
2. Образование
3. Природа / геология
4 Авто
5. Мир животных
6. Здоровье
7. Международная политика
8. Погода
9. Литература
10. Средства массовой информации (СМИ)

**(10 x 2 mharc)**

| | |
|---|---|
| **9** | Очередная встреча любителей в Клубе “Русская книга” состоится 15 марта, в среду, в 18.30 в библиотеке Галвея. Тема встречи: Борис Зайцев – писатель Серебряного века, без которого невозможно представить русское творчество. |
| **6** | От кондиционера невозможно простудиться. У кого-то начинается легкий насморк при переохлаждении, у кого-то нет. В целом, кондиционер не «вреден», а, напротив, полезен для комфорта в квартире. |
| **8** | Предстоящая неделя начнется с похолодания. Понедельник будет самым холодным днем в ближайшие 10 дней. Однако, в ближайшие выходные всё будет не так уж плохо. К четвергу потеплеет. В пятницу, будет в основном сухо. |
| **2** | Шестьсот учеников из разных школ стали победителями Всероссийского конкурса «Большая перемена», финал которого прошел в Международном детском центре «Артек». Ребятам предлагались задания по четырём направлениям: искусство и творчество, образовательные технологии, среда обитания, общество. |
| **3** | Остров в Новой Зеландии заволокло вулканическим туманом. В стране опасаются извержения. Вулканический остров Уайт-Айленд и окружающий его залив Пленти заволокло вогом — вулканическим смогом. |
| **5** | В одном из городов Таиланда голодный слон по кличке Плай Бунчуай вломился в дом, чтобы стащить мешочек риса. Слон проделал огромную дыру в стене на кухне. Дело в том, что на кухонном столе осталось немного риса, который и привлёк внимание слона. |
| **7** | Участники международного климатического саммита в Глазго подписали итоговое соглашение, цель которого — максимальное сокращение выбросов парниковых газов в атмосферу. |
| **1** | 21-летний россиянин Климент Колесников занял первое место на чемпионате Европы по плаванию на короткой воде на дистанции 50 метров на спине. Колесников побил свой же полуфинальный результат, составивший 22,57 секунд. |
| **10** | В Дублине издаётся две газеты на русском языке, одна из них бесплатная. В Ирландии также есть русскоязычные порталы, где обсуждаются насущные проблемы жизни на «Зелёном острове». В стране также имеется русскоязычное телевидение. |
| **4** | Дешёвые кредиты и «схема утилизации» могут быть введены, чтобы убедить водителей покупать электромобиль. В планах к 2030 году ввести в эксплуатацию миллион электромобилей. |

## ROINN II GRAMADACH, ÚSÁID TEANGA AGUS SCRÍBHNEOIREACHT FAOI STIÚIR
## 100 marc

**C.1 Léigh an téacs seo thíos. Cuir na focail atá idir lúibíní san fhoirm cheart. 30 marc**

**DHÁ mharc as gach foirm cheart 15 x 2 mharc**

*Sa cheacht seo tá na freagraí ceart nó mícheart:*

- *Ná bronn marcanna má tá an focal mílitrithe/mura bhfuil sé tras-scríofa i gceart.*
- *Ná bronn marcanna má scríobhtar an briathar san aimsir mhícheart*

Анастасия Павлюченкова – российская теннисистка, мастер спорта **международного** класса. В своё время теннисистка **сумела** стать первой ракеткой мира в юниорском рейтинге.

Настя родилась в 1991 году в Самаре. Её родители – профессиональные спортсмены: мама занималась **плаванием,** отец греблей. У Анастасии есть родной брат Александр.

Павлюченковы – спортивная династия, где Настя и Саша – уже третье поколение. Их бабушка была профессиональной **баскетболисткой**, а дедушка работал **баскетбольным** арбитром. Но Павлюченковы-младшие не **выбрали** ни один из видов спорта, которыми занимались в их роду. Они отдали предпочтение **теннису**, в котором Анастасия достигла немалых высот.

Спортсменка **живёт** по плотному графику, и у **неё** на развлечения и отдых очень мало **времени**. Настя – открытый и коммуникабельный человек. Об этом свидетельствуют её аккаунты в социальных сетях, где встречаются фото теннисистки с **близкими людьми** и коллегами.

Девушка увлекается футболом, который обожает смотреть «вживую», на стадионе, в окружении немалой компании **своих** друзей. А ещё теннисистка любит кино, причем не ограничивается просмотром одного определённого жанра. Настю можно увидеть на модных показах в **столице**, которые она посещает, когда **приезжает** в Москву.

## C.2. Feasacht chultúrtha 30 marc

Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) i **Rúisis** ar cheann **amháin** de na topaicí seo thíos. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Bronntar marcanna ar ábharthacht, ar úsáid teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe). Scríobh síos teideal na haiste lena chur in iúl cén aiste atá á scríobh agat.

Напишите небольшую статью **по–русски** размером 50 слов на одну из следующих тем. В свою статью включите **пять** страноведческих фактов.

- An Rúisis in Éirinn / The Russian language in Ireland / Русский язык в Ирландии
- An geimhreadh i gCónaidhm na Rúise/ Winter in the Russian Federation / Зима в Российской Федерации
- Cumadóir/ealaíontóir/scríbhneoir cáiliúil Rúiseach / A famous Russian composer/artist/writer/ Известный русский композитор/художник/писатель
- Tarraingtí áille dúlra i gCónaidhm na Rúise / Natural attractions in the Russian Federation / Природные достопримечательности в Российской Федерации
- Laethanta Saoire Poiblí i gCónaidhm na Rúise / Public holidays in the Russian Federation / Праздники в Российской Федерации

**1. Ábhar 10 marc**

**2. Úsáid teanga/cumas scríofa 20 marc**

***Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh***

**1. Cumarsáid/ábhar (C)**

- Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha.
- Cuir ábhar neamhábhartha i lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
- Ní bhronnfar aon mharcanna teanga as freagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.
- Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as tuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach í).
- Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).
- Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.

**2. Cumas Scríofa (E)**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga.
- (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 fhocal), marcáil an cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.
- Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.
- Cuir líne faoi dhrochbhotúin.
- Bain (-1/2) mharc ó iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach.

| Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| **18-20**<br><br>**E níos ísle 12-14** | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil stór focal leathán cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc atá roghnaithe.<br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
